Cé a chlúdaigh mé le gaineamh?

Thit mo dhaidí ina chodladh
Ina chodladh ar an trá
Chlúdaigh muid é le gaineamh
Le gaineamh ó bhun go barr.
Dhúisigh sé go tobann
Dhúisigh sé is bhéic go hard

Curfá:

Cé a chlúdaigh mé le gaineamh?
Cé a chlúdaigh mé ó bhun go barr?
Cé a chlúdaigh mé le gaineamh
Is mé i mo chodladh ar an trá?

Thit mo mhamaí ina codladh
Ina codladh ar an trá
Chlúdaigh muid í le gaineamh
Le gaineamh ó bhun go barr.
Dhúisigh sí go tobann
Dhúisigh sí is bhéic go hard

Curfá:

Ansin thit mise i mo chodladh
I mo chodladh ar an trá
Chlúdaigh siad mé le gaineamh
Le gaineamh ó bhun go barr.
Dhúisigh mé go tobann
Dhúisigh mé is bhéic go hard

Curfá:

© 2004 – Ceol agus Liricí – Tadhg Mac Dhonnagáin